

## RIALACHÁN (AE) 2021/1531 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meán Fómhair 2021

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar aclóinifeine, aicrinitrine, *Bacillus pumilus* QST 2808, eitireamóil, pheintiaipiorad, phioclóram agus tréithchineál DSMZ 13134 *Pseudomonas* sp. i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 5(1) agus Airteagal 14(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás aclóinifeine, aicrinitrine agus eitireamóil, leagadh síos uasleibhéil iarmhar (“MRLanna”) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás peintiaipiorad agus pioclóram, leagadh síos MRLanna i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcás *Bacillus pumilus* QST 2808 agus tréithchineál DSMZ 13134 *Pseudomonas* sp., níor leagadh síos aon MRL sonracha i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ná níor cuireadh na substaintí sin san áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, agus mar sin tá feidhm ag an luach réamhshocraithe 0,01 mg/kg a leagadh síos in Airteagal 18(1)(b) de.
- (2) I gcomhthéacs nós imeachta maidir le húdarú chun táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach aclóinifein a úsáid ar shíolta finéil agus ar thorthaí cearbhais, cuireadh iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 chun MRLanna atá ann cheana a mhodhnú.
- (3) Cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh leitísí a mhéid a bhaineann le haicrinitrin. Cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh soilire agus fhinéal Fhlórans a mhéid a bhaineann le peintiaipiorad. Cuireadh isteach iarratas den sórt sin le haghaidh praiseach bhlátha a mhéid a bhaineann le pioclóram.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.
- (5) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta, agus rinne sé scrúdú go háirithe ar na rioscaí atá ann don tomhaltóir agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe faoi na MRLanna atá beartaithe <sup>(2)</sup>. Chuir sé na tuairimí sin ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus cuireadh ar fáil don phobal iad.
- (6) Maidir le gach iarratas, chinn an tÚdarás gur comhlíonadh na ceanglais go léir i ndáil le sonraí agus go raibh na modhnuithe ar MRLanna a d'iarr na hiarratasóirí inghlactha i dtaca le sábháilteacht tomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil tomhaltóir i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Chuir sé an fhaisnéis is déanaí faoi airíonna tocsaineolaíoch na substaintí san áireamh. Le teagmháil ar feadh an tsaol leis na substaintí sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a d'fhéadfadh iad a bheith iontu, agus le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí ábhartha a chaitheamh, léiríodh nach bhfuil baol ann go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha ná an ghéardháileog thagartha.

<sup>(1)</sup> IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Tuarascálacha eolaíochá EFSA ar fáil ar líne: <http://www.efsa.europa.eu>:

*Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for acetonitrile in fennel seed and caraway fruit* [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh aclóinifeine i síolta finéil agus i dtorthaí cearbhais a mhodhnú]. EFSA Journal [Iris EPSA] 2020;18(7):6219.

*Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue level for acrinathrin in lettuce* [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh aicrinitrine i leitísí a mhodhnú]. EFSA Journal [Iris EPSA] 2020;18(7):6218.

*Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for penitopyrad in Florence fennels and celeries* [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh peintiaipiorad i bhfinéal Fhlórans agus i soilire]. EFSA Journal [Iris EPSA] 2020;18(9):6259.

*Reasoned opinion on the modification of the existing MRL for picloram in flowering brassica* [Tuairim réasúnaithe maidir leis na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh pioclóram i bpraiseach bhlátha]. EFSA Journal [Iris EPSA] 2020;18(10):6272.

- (7) I gcás eitireamóil, modhnaíodh roinnt MRLanna le Rialachán (AE) 2020/1566 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Leis an Rialachán sin laghdaíodh an MRL le haghaidh eitireamóil i gcúcamair go 0,05 mg/kg de dheasca earráid tuairiscithe. Is é eitireamól príomh-mheitibilít bhúipireamáite, substaint a úsáidtear faoi láthair i dtáirgí cosanta plandaí i roinnt Ballstát. Mar iarmhairt air sin, d'fhéadfadh sárú MRL féideartha a bheith mar thoradh ar MRLanna a laghdú i gcás eitireamóil, tar éis úsáid dhleathach a bhaint as búipireamáit. Chun é sin a sheachaint, chuir an Ballstát is rapóirtéir tuarascáil mheastóireachta leasaithe faoi bhráid an Údarás ar an 25 Lúnasa 2020, agus d'fhoilsigh an tÚdarás ceartú ar an tuairim réasúnaithe ábhartha an 30 Meán Fómhair 2020 <sup>(4)</sup>, inar mhol sé an MRL le haghaidh eitireamóil i gcúcamair a leagan síos ag 0,2 mg/kg. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, is iomchuí feidhm a bheith ag an MRL le haghaidh eitireamóil i gcúcamair, dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ón dáta céanna le dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/1566.
- (8) I gcás *Bacillus pumilus* QST 2808 agus tréithchineál DSMZ 13134 *Pseudomonas* sp., chuir an tÚdarás tuairimí réasúnaithe <sup>(5)</sup> <sup>(6)</sup> isteach i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Sna tuairimí sin, mhol an tÚdarás go gcuirfí an dá shubstaint sin san áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (9) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe ón Údarás agus na tosca ábhartha a bhaineann leis an ábhar atá á meas á gcur san áireamh, comhlíonann na modhnuithe faoi seach ar MRLanna na ceanglais atá in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 17 Bealtaine 2021 a mhéid a bhaineann le MRL eitireamóil i gcúcamair.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2020/1566 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar bhúipireamáite, chairfeantrasón-eitile, eitireamóil agus phioraifeanáin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 358, 28.10.2020, lch. 30).

<sup>(4)</sup> Reasoned opinion on the Review of the existing maximum residue levels for bupirimate according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005 [Tuairim réasúnaithe maidir leis an Athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh búipireamáite de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EPSA] 2019;17(7):5757.

<sup>(5)</sup> Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for *Bacillus pumilus* QST 2808 according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005 [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh *Bacillus pumilus* QST 2808 de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EPSA] 2020;18(5):6115.

<sup>(6)</sup> Reasoned opinion on the Review of the existing maximum residue levels for *Pseudomonas* sp. strain DSMZ 13134 according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005 [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh tréithchineál DSMZ 13134 *Pseudomonas* sp. de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EPSA] 2020;18(8):6234.

## IARSCRÍBHINN

Déantar Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh aclóinifeine, aicrinitrine agus eitireamóil:

**“Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)**

| Códuimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo <sup>(*)</sup> | Aclóinifein | Aicrinitrin (F) | Eitireamól (A) (F) (R) |
|-----------|---|-------------|-----------------|------------------------|
| (1)       | (2)   | (3)         | (4)             | (5)                    |
| 0100000   | <b>TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN</b>  | 0.01 (*)    |                 |                        |
| 0110000   | <b>Torthaí citris</b>   |             | 0.02 (*)        | 0.01 (*)               |
| 0110010   | Seadóga   |             |                 |                        |
| 0110020   | Oráistí   |             |                 |                        |
| 0110030   | Líomóidí  |             |                 |                        |
| 0110040   | Líomaí  |             |                 |                        |
| 0110050   | Mandairíní  |             |                 |                        |
| 0110990   | Eile (2)  |             |                 |                        |
| 0120000   | <b>Cnónna crann</b>   |             | 0.02 (*)        | 0.01 (*)               |
| 0120010   | Almóinní  |             |                 |                        |
| 0120020   | Cnónna Brasaíleacha   |             |                 |                        |
| 0120030   | Cnónna caisiú   |             |                 |                        |
| 0120040   | Castáin   |             |                 |                        |
| 0120050   | Cnónna cócó   |             |                 |                        |
| 0120060   | Cnónna coill  |             |                 |                        |
| 0120070   | Macadaimia  |             |                 |                        |
| 0120080   | Cnónna peacáin  |             |                 |                        |
| 0120090   | Eithní cnónna péine   |             |                 |                        |
| 0120100   | Cnónna pistéise   |             |                 |                        |
| 0120110   | Gallchnónna   |             |                 |                        |
| 0120990   | Eile (2)  |             |                 |                        |
| 0130000   | <b>Torthaí póma</b>   |             | 0.02 (*)        |                        |
| 0130010   | Úlla  |             |                 | 0.06                   |
| 0130020   | Piorraí   |             |                 | 0.06                   |
| 0130030   | Cainchí   |             |                 | 0.01 (*)               |

|         |   |  |          |          |
|---------|---|--|----------|----------|
| 0130040 | Torthaí ón meispeal Gearmánach                |  |          | 0.01 (*) |
| 0130050 | Locuatanna                                    |  |          | 0.01 (*) |
| 0130990 | Eile (2)                                      |  |          | 0.01 (*) |
| 0140000 | <b>Torthaí cloiche</b>                        |  | 0.02 (*) |          |
| 0140010 | Aibreoga                                      |  |          | 0.04     |
| 0140020 | Silíní (iad milis)                            |  |          | 0.01 (*) |
| 0140030 | Péitseoga                                     |  |          | 0.04     |
| 0140040 | Plumaí  |  |          | 0.01 (*) |
| 0140990 | Eile (2)                                      |  |          | 0.01 (*) |
| 0150000 | <b>Caora agus torthaí beaga</b>               |  |          |          |
| 0151000 | (a) <b>fíonchaora</b>                         |  |          | 0.4 (+)  |
| 0151010 | Fíonchaora boird                              |  | 0.05 (*) |          |
| 0151020 | Fíniúnacha coiteanna                          |  | 0.1      |          |
| 0152000 | (b) <b>sútha talún</b>                        |  | 0.02 (*) | 0.3      |
| 0153000 | (c) <b>torthaí cána</b>                       |  | 0.02 (*) |          |
| 0153010 | Sméara dubha                                  |  |          | 0.07     |
| 0153020 | Eithreoga                                     |  |          | 0.07     |
| 0153030 | Sútha craobh (iad dearg agus buí)             |  |          | 0.15     |
| 0153990 | Eile (2)                                      |  |          | 0.07     |
| 0154000 | (d) <b>torthaí beaga eile agus caora eile</b> |  | 0.02 (*) | 2        |
| 0154010 | Fraocháin                                     |  |          |          |
| 0154020 | Mónóga  |  |          |          |
| 0154030 | Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)            |  |          |          |
| 0154040 | Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)           |  |          |          |
| 0154050 | Mogóirí róis                                  |  |          |          |
| 0154060 | Maoildearga (iad dubh agus bán)               |  |          |          |
| 0154070 | Torthaí ón sceach gheal asaróil               |  |          |          |
| 0154080 | Caora troim                                   |  |          |          |
| 0154990 | Eile (2)                                      |  |          |          |
| 0160000 | <b>Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil</b>     |  | 0.02 (*) | 0.01 (*) |
| 0161000 | (a) <b>craiceann inite</b>                    |  |          |          |
| 0161010 | Dátaí   |  |          |          |
| 0161020 | Figí  |  |          |          |
| 0161030 | Ológa boird                                   |  |          |          |
| 0161040 | Cumcuait                                      |  |          |          |
| 0161050 | Torthaí réaltúla                              |  |          |          |
| 0161060 | Dátphlumaí Seapánacha                         |  |          |          |

|         |  |          |          |          |
|---------|--|----------|----------|----------|
| 0161070 | Plumaí láva  |          |          |          |
| 0161990 | Eile (2)   |          |          |          |
| 0162000 | <b>(b) craiceann do-ite, é beag</b>                                |          |          |          |
| 0162010 | Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)                             |          |          |          |
| 0162020 | Lítsíonna  |          |          |          |
| 0162030 | Páiseoga   |          |          |          |
| 0162040 | Piorraí deilgneacha  |          |          |          |
| 0162050 | Réalt-úlla   |          |          |          |
| 0162060 | Dátphlumaí Meiriceánacha   |          |          |          |
| 0162990 | Eile (2)   |          |          |          |
| 0163000 | <b>(c) craiceann do-ite, é mór</b>                                 |          |          |          |
| 0163010 | Abhacáid   |          |          |          |
| 0163020 | Bananaí  |          |          |          |
| 0163030 | Mangónna   |          |          |          |
| 0163040 | Papánna  |          |          |          |
| 0163050 | Pomagránaití   |          |          |          |
| 0163060 | Céiriomoighe   |          |          |          |
| 0163070 | Guábhaí  |          |          |          |
| 0163080 | Anainn   |          |          |          |
| 0163090 | Torthaí aráin  |          |          |          |
| 0163100 | Duraígh  |          |          |          |
| 0163110 | Úlla deilgneacha   |          |          |          |
| 0163990 | Eile (2)   |          |          |          |
| 0200000 | <b>GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE</b>                                   |          |          |          |
| 0210000 | <b>Glasraí fréimhe agus tiúbair</b>                                |          | 0.02 (*) | 0.01 (*) |
| 0211000 | <b>(a) prátaí</b>  | 0.02 (*) |          |          |
| 0212000 | <b>(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha</b>               | 0.01 (*) |          |          |
| 0212010 | Casabhaigh   |          |          |          |
| 0212020 | Prátaí milse   |          |          |          |
| 0212030 | Ionaim   |          |          |          |
| 0212040 | Ararút   |          |          |          |
| 0212990 | Eile (2)   |          |          |          |
| 0213000 | <b>(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra</b> |          |          |          |
| 0213010 | Meacain bhiatais   | 0.01 (*) |          |          |
| 0213020 | Meacain dhearga  | 0.08     |          |          |

|         |  |          |          |            |
|---------|--|----------|----------|------------|
| 0213030 | Soiliriac/soilire tornapa                      | 0.3      |          |            |
| 0213040 | Meacain ragaim                                 | 0.07     |          |            |
| 0213050 | Bliosáin ghréine                               | 0.1      |          |            |
| 0213060 | Meacain bhána                                  | 0.1      |          |            |
| 0213070 | Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg    | 0.01 (*) |          |            |
| 0213080 | Raidisí  | 0.01 (*) |          |            |
| 0213090 | Salsabh  | 0.01 (*) |          |            |
| 0213100 | Svaeideanna                                    | 0.01 (*) |          |            |
| 0213110 | Tornapaí                                       | 0.01 (*) |          |            |
| 0213990 | Eile (2)                                       | 0.01 (*) |          |            |
| 0220000 | <b>Glasraí bleibíní</b>                        |          | 0.02 (*) | 0.01 (*)   |
| 0220010 | Gairleog                                       | 0.02 (*) |          |            |
| 0220020 | Oinniúin                                       | 0.02 (*) |          |            |
| 0220030 | Seallóidí                                      | 0.02 (*) |          |            |
| 0220040 | Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil      | 0.01 (*) |          |            |
| 0220990 | Eile (2)                                       | 0.01 (*) |          |            |
| 0230000 | <b>Glasraí a thugann torthaí</b>               |          | 0.02 (*) |            |
| 0231000 | (a) <b>Solanaceae agus Malvaceae</b>           |          |          |            |
| 0231010 | Trátaí   | 0.01 (*) |          | 0.01 (*)   |
| 0231020 | Piobair  | 0.02 (*) |          | 0.09       |
| 0231030 | Ubhthorthaí                                    | 0.01 (*) |          | 0.1 (+)    |
| 0231040 | Ocra   | 0.01 (*) |          | 0.01 (*)   |
| 0231990 | Eile (2)                                       | 0.01 (*) |          | 0.01 (*)   |
| 0232000 | (b) <b>guird a bhfuil craiceann inite acu</b>  | 0.01 (*) |          |            |
| 0232010 | Cúcamair                                       |          |          | <b>0.2</b> |
| 0232020 | Gircíní  |          |          | 0.05       |
| 0232030 | Cúirséid                                       |          |          | 0.05       |
| 0232990 | Eile (2)                                       |          |          | 0.05       |
| 0233000 | (c) <b>guird a bhfuil craiceann do-ite acu</b> | 0.01 (*) |          | 0.15       |
| 0233010 | Mealbhacáin                                    |          |          |            |
| 0233020 | Puimcíní                                       |          |          |            |
| 0233030 | Mealbhacáin uisce                              |          |          |            |
| 0233990 | Eile (2)                                       |          |          |            |
| 0234000 | (d) <b>arbhar milis</b>                        | 0.02 (*) |          | 0.01 (*)   |
| 0239000 | (e) <b>glasraí eile a thugann torthaí</b>      | 0.01 (*) |          | 0.01 (*)   |

|         |  |          |            |          |
|---------|--|----------|------------|----------|
| 0240000 | <b>Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)</b> | 0.01 (*) | 0.02 (*)   | 0.01 (*) |
| 0241000 | (a) <b>praiseach bhlátha</b>   |          |            |          |
| 0241010 | Brocaílí   |          |            |          |
| 0241020 | Cóilis   |          |            |          |
| 0241990 | Eile (2)   |          |            |          |
| 0242000 | (b) <b>praiseach chinn</b>   |          |            |          |
| 0242010 | Bachlóga Bruiséile   |          |            |          |
| 0242020 | Cabáistí cinn  |          |            |          |
| 0242990 | Eile (2)   |          |            |          |
| 0243000 | (c) <b>praiseach dhuilleach</b>  |          |            |          |
| 0243010 | Cabáistí Síneacha  |          |            |          |
| 0243020 | Cáil   |          |            |          |
| 0243990 | Eile (2)   |          |            |          |
| 0244000 | (d) <b>cálráibí</b>  |          |            |          |
| 0250000 | <b>Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite</b>                       |          |            |          |
| 0251000 | (a) <b>leitísí agus plandaí sailéid</b>  | 0.01 (*) |            | 0.01 (*) |
| 0251010 | Ceathrúna uain   |          | 0.06 (+)   |          |
| 0251020 | Leitísí  |          | <b>0.1</b> |          |
| 0251030 | Searbháin muc  |          | 0.06 (+)   |          |
| 0251040 | Biolair agus eascróga agus peacáin eile  |          | 0.06 (+)   |          |
| 0251050 | Biolair thalún   |          | 0.02 (*)   |          |
| 0251060 | Roicéad Rómánach/rucola  |          | 0.06 (+)   |          |
| 0251070 | Mustard dearg  |          | 0.06 (+)   |          |
| 0251080 | Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)                             |          | 0.02 (*)   |          |
| 0251990 | Eile (2)   |          | 0.02 (*)   |          |
| 0252000 | (b) <b>spionáistí agus duilleoga comhchosúla</b>                                 | 0.01 (*) | 0.02 (*)   | 0.01 (*) |
| 0252010 | Spionáistí   |          |            |          |
| 0252020 | Puirsléain   |          |            |          |
| 0252030 | Seardas/duilleoga biatais  |          |            |          |
| 0252990 | Eile (2)   |          |            |          |
| 0253000 | (c) <b>duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla</b>                      | 0.01 (*) | 0.02 (*)   | 0.01 (*) |
| 0254000 | (d) <b>biolair uisce</b>   | 0.01 (*) | 0.02 (*)   | 0.01 (*) |
| 0255000 | (e) <b>sreabháin na Beilge</b>   | 0.01 (*) | 0.02 (*)   | 0.01 (*) |
| 0256000 | (f) <b>luibheanna agus bláthanna inite</b>                                       | 0.8      | 0.02 (*)   | 0.02 (*) |
| 0256010 | Costóg   |          |            |          |

|         |  |          |          |          |
|---------|--|----------|----------|----------|
| 0256020 | Síobhas                                |          |          |          |
| 0256030 | Duilleoga soilire                      |          |          |          |
| 0256040 | Peirsil                                |          |          |          |
| 0256050 | Sáiste                                 |          |          |          |
| 0256060 | Marós                                  |          |          |          |
| 0256070 | Tím                                    |          |          |          |
| 0256080 | Basal agus bláthanna inite             |          |          |          |
| 0256090 | Duilleog labhrais                      |          |          |          |
| 0256100 | Dragan                                 |          |          |          |
| 0256990 | Eile (2)                               |          |          |          |
| 0260000 | <b>Léagúim</b>                         |          | 0.02 (*) | 0.01 (*) |
| 0260010 | Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)      | 0.08     |          |          |
| 0260020 | Pónairí (gan faighneoga)               | 0.02 (*) |          |          |
| 0260030 | Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)     | 0.08     |          |          |
| 0260040 | Piseanna (gan faighneoga)              | 0.01 (*) |          |          |
| 0260050 | Lintilí                                | 0.02     |          |          |
| 0260990 | Eile (2)                               | 0.01 (*) |          |          |
| 0270000 | <b>Glasraí gais</b>                    |          | 0.02 (*) | 0.01 (*) |
| 0270010 | Lus súpach                             | 0.01 (*) |          |          |
| 0270020 | Cardúin                                | 0.01 (*) |          |          |
| 0270030 | Soilirí                                | 0.01 (*) |          |          |
| 0270040 | Finéal Fhlórans                        | 0.01 (*) |          |          |
| 0270050 | Bliosáin chruinne                      | 0.02 (*) |          |          |
| 0270060 | Cainneanna                             | 0.01 (*) |          |          |
| 0270070 | Biabhóg                                | 0.01 (*) |          |          |
| 0270080 | Péacáin bhambú                         | 0.01 (*) |          |          |
| 0270090 | Croíthe pailme                         | 0.01 (*) |          |          |
| 0270990 | Eile (2)                               | 0.01 (*) |          |          |
| 0280000 | <b>Fungais, caonaigh agus léicin</b>   | 0.01 (*) | 0.02 (*) | 0.01 (*) |
| 0280010 | Fungais shaothraithe                   |          |          |          |
| 0280020 | Fungais fhiáine                        |          |          |          |
| 0280990 | Caonaigh agus léicin                   |          |          |          |
| 0290000 | <b>Algaí agus orgánaigh phrócaróit</b> | 0.01 (*) | 0.02 (*) | 0.01 (*) |
| 0300000 | <b>PISEÁNAIGH</b>                      |          | 0.01 (*) | 0.01 (*) |
| 0300010 | Pónairí                                | 0.08     |          |          |
| 0300020 | Lintilí                                | 0.08     |          |          |
| 0300030 | Piseanna                               | 0.08     |          |          |

|         |                                    |          |          |          |
|---------|------------------------------------|----------|----------|----------|
| 0300040 | Lúipíní/pónairí lúipíní            | 0.01 (*) |          |          |
| 0300990 | Eile (2)                           | 0.01 (*) |          |          |
| 0400000 | <b>OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ</b> |          | 0.02 (*) | 0.01 (*) |
| 0401000 | <b>Olashíolta</b>                  |          |          |          |
| 0401010 | Ros lín                            | 0.01 (*) |          |          |
| 0401020 | Piseanna talún                     | 0.01 (*) |          |          |
| 0401030 | Síolta poipín                      | 0.01 (*) |          |          |
| 0401040 | Síolta seasamain                   | 0.01 (*) |          |          |
| 0401050 | Síolta lus na gréine               | 0.02 (*) |          |          |
| 0401060 | Síolta ráibe                       | 0.01 (*) |          |          |
| 0401070 | Pónairí soighe                     | 0.01 (*) |          |          |
| 0401080 | Síolta mustaird                    | 0.01 (*) |          |          |
| 0401090 | Síolta cadáis                      | 0.01 (*) |          |          |
| 0401100 | Síolta puimcín                     | 0.01 (*) |          |          |
| 0401110 | Síolta cróch bréige                | 0.01 (*) |          |          |
| 0401120 | Síolta borraíste                   | 0.01 (*) |          |          |
| 0401130 | Caimilín                           | 0.01 (*) |          |          |
| 0401140 | Síolta cnáibe                      | 0.01 (*) |          |          |
| 0401150 | Pónairí ricne                      | 0.01 (*) |          |          |
| 0401990 | Eile (2)                           | 0.01 (*) |          |          |
| 0402000 | <b>Olathorthaí</b>                 | 0.01 (*) |          |          |
| 0402010 | Ológa le haghaidh táirgeadh ola    |          |          |          |
| 0402020 | Eithní pailme ola                  |          |          |          |
| 0402030 | Torthaí pailme oila                |          |          |          |
| 0402040 | Capac                              |          |          |          |
| 0402990 | Eile (2)                           |          |          |          |
| 0500000 | <b>GRÁNAIGH</b>                    | 0.01 (*) | 0.01 (*) | 0.01 (*) |
| 0500010 | Eorna                              |          |          |          |
| 0500020 | Ruán agus bréag-ghránaigh eile     |          |          |          |
| 0500030 | Arbhar Indiach/arbhar              |          |          |          |
| 0500040 | Muiléad coiteann                   |          |          |          |
| 0500050 | Coirce                             |          |          |          |
| 0500060 | Rís                                |          |          |          |
| 0500070 | Seagal                             |          |          |          |
| 0500080 | Sorgam                             |          |          |          |
| 0500090 | Cruithneacht                       |          |          |          |
| 0500990 | Eile (2)                           |          |          |          |

|         |  |             |          |          |
|---------|--|-------------|----------|----------|
| 0600000 | <b>TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB</b> |             | 0.05 (*) | 0.05 (*) |
| 0610000 | <b>Taenna</b>  | 0.05 (*)    |          |          |
| 0620000 | <b>Pónairí caife</b>                                   | 0.05 (*)    |          |          |
| 0630000 | <b>Insiltí luibhe ó</b>                                |             |          |          |
| 0631000 | (a) <b>bláthanna</b>                                   | 0.08        |          |          |
| 0631010 | Camán meall  |             |          |          |
| 0631020 | Roiseog  |             |          |          |
| 0631030 | Rós  |             |          |          |
| 0631040 | Seasmain   |             |          |          |
| 0631050 | Teile  |             |          |          |
| 0631990 | Eile (2)   |             |          |          |
| 0632000 | (b) <b>duilleoga agus luibheanna</b>                   | 0.08        |          |          |
| 0632010 | Sú talún   |             |          |          |
| 0632020 | Rooibos  |             |          |          |
| 0632030 | Maité  |             |          |          |
| 0632990 | Eile (2)   |             |          |          |
| 0633000 | (c) <b>fréamhacha</b>                                  | 0.05 (*)    |          |          |
| 0633010 | Caorthann corraigh                                     |             |          |          |
| 0633020 | Ginsing  |             |          |          |
| 0633990 | Eile (2)   |             |          |          |
| 0639000 | (d) <b>aon chuid eile den phlanda</b>                  | 0.05 (*)    |          |          |
| 0640000 | <b>Pónairí cócó</b>                                    | 0.05 (*)    |          |          |
| 0650000 | <b>Carúib</b>  | 0.05 (*)    |          |          |
| 0700000 | <b>LEANNLUSANNA</b>                                    | 0.05 (*)    | 0.05 (*) | 0.05 (*) |
| 0800000 | <b>SPÍOSRAÍ</b>  |             |          |          |
| 0810000 | <b>Spíosraí ó shíolta</b>                              |             | 0.05 (*) | 0.05 (*) |
| 0810010 | Ainís  | 0.01 (*)    |          |          |
| 0810020 | Calaindí   | 0.01 (*)    |          |          |
| 0810030 | Soilire  | 0.01 (*)    |          |          |
| 0810040 | Lus an choiré  | 0.01 (*)    |          |          |
| 0810050 | Cuimín   | 0.01 (*)    |          |          |
| 0810060 | Lus mín  | 0.01 (*)    |          |          |
| 0810070 | Finéal   | <b>0.03</b> |          |          |
| 0810080 | Feinigréag   | 0.01 (*)    |          |          |
| 0810090 | Noitmig  | 0.01 (*)    |          |          |
| 0810990 | Eile (2)   | 0.01 (*)    |          |          |

|         |  |             |          |          |
|---------|--|-------------|----------|----------|
| 0820000 | <b>Spíosraí ó thorthaí</b>                               |             | 0.05 (*) | 0.05 (*) |
| 0820010 | Ilspíosra/pimeantó                                       | 0.01 (*)    |          |          |
| 0820020 | Piobar Szechuan  | 0.01 (*)    |          |          |
| 0820030 | Cearbhas   | <b>0.03</b> |          |          |
| 0820040 | Cardamam   | 0.01 (*)    |          |          |
| 0820050 | Caor aítíl   | 0.01 (*)    |          |          |
| 0820060 | Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)                      | 0.01 (*)    |          |          |
| 0820070 | Fanaile  | 0.01 (*)    |          |          |
| 0820080 | Tamarain   | 0.01 (*)    |          |          |
| 0820990 | Eile (2)   | 0.01 (*)    |          |          |
| 0830000 | <b>Spíosraí ó choirt</b>                                 | 0.05 (*)    | 0.05 (*) | 0.05 (*) |
| 0830010 | Cainéal  |             |          |          |
| 0830990 | Eile (2)   |             |          |          |
| 0840000 | <b>Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm</b>              |             |          |          |
| 0840010 | Liocras  | 0.05 (*)    | 0.05 (*) | 0.05 (*) |
| 0840020 | Sinséar (10)   |             |          |          |
| 0840030 | Tuirmiric/curcuma  | 0.05 (*)    | 0.05 (*) | 0.05 (*) |
| 0840040 | Meacain ragaim (11)                                      |             |          |          |
| 0840990 | Eile (2)   | 0.05 (*)    | 0.05 (*) | 0.05 (*) |
| 0850000 | <b>Spíosraí ón mbachlóg</b>                              | 0.05 (*)    | 0.05 (*) | 0.05 (*) |
| 0850010 | Clóibh   |             |          |          |
| 0850020 | Caprais  |             |          |          |
| 0850990 | Eile (2)   |             |          |          |
| 0860000 | <b>Spíosraí ó phistil bláthanna</b>                      | 0.05 (*)    | 0.05 (*) | 0.05 (*) |
| 0860010 | Cróch  |             |          |          |
| 0860990 | Eile (2)   |             |          |          |
| 0870000 | <b>Spíosraí arail</b>                                    | 0.05 (*)    | 0.05 (*) | 0.05 (*) |
| 0870010 | Maicis   |             |          |          |
| 0870990 | Eile (2)   |             |          |          |
| 0900000 | <b>PLANDAÍ SIÚCRA</b>                                    | 0.01 (*)    | 0.02 (*) | 0.01 (*) |
| 0900010 | Fréamhacha biatas siúcra                                 |             |          |          |
| 0900020 | Cánaí siúcra   |             |          |          |
| 0900030 | Fréamhacha siocaire                                      |             |          |          |
| 0900990 | Eile (2)   |             |          |          |
| 1000000 | <b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN</b> |             |          |          |
| 1010000 | <b>Tráchtearraí ó</b>                                    | 0.01 (*)    | 0.01 (*) | 0.01 (*) |
| 1011000 | (a) <b>mucra</b>   |             |          | (+)      |
| 1011010 | Matán  |             |          |          |

|         |   |  |  |     |
|---------|---|--|--|-----|
| 1011020 | Saill   |  |  |     |
| 1011030 | An t-ae   |  |  |     |
| 1011040 | An duán   |  |  |     |
| 1011050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) |  |  |     |
| 1011990 | Eile (2)  |  |  |     |
| 1012000 | (b) <b>bó-ainmhí</b>                            |  |  | (+) |
| 1012010 | Matán   |  |  |     |
| 1012020 | Saill   |  |  |     |
| 1012030 | An t-ae   |  |  |     |
| 1012040 | An duán   |  |  |     |
| 1012050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) |  |  |     |
| 1012990 | Eile (2)  |  |  |     |
